G PG 12A 15A 16 18

TEXT ONLY VERSION

**IFCO** SEARCH FILM DVD/VIDEO GO

NEW FILM RELEASES (incl. previews) CLICK IMAGE below for films released beginning Friday 3rd August 2004

Fahrenheit 9/11 Spiderman 2 The King Arthur Shrek 2 The Incredibles I Robot

Fahrenheit 9/11 PG King Arthur 15PG Shrek 2 G The Incredibles PG I Robot 12PG

ALL FILMS CURRENTLY ON RELEASE CLICK HERE to browse all films currently on release

Favorites History Search Scrapbook Page Holder

@ IFCO:Home

Back Forward Stop Refresh Home Autofill Print Mail

Address: @http://www.ifco.ie GO

# IFCO IRISH FILM CENSOR'S OFFICE

G PG 12A 15A 16 18

TEXT ONLY VERSION

**IFCO** SEARCH FILM DVD/VIDEO GO

3rd August 2004

PG

Genre: Animation Feature  
Director: Brad Bird  
Cast: Craig T. Nelson, Holly Hunter, Samuel L. Jackson  
Release Date: 03.08.04  
Date Classified: 28.07.04  
Duration: 114 mins.

The Incredibles	None	Mild	Moderate	Strong
Violence		✓		
Drugs	✓			
Sex/Nudity	✓			
Language	✓			
Other/Comments	Comic book violence			

Favorites History Search Scrapbook Page Holder

## ■ Gníomhaíocht Mhéadaithe/Láimhdeachas Méadaithe

I gcomparáid le 2003, mhéadaigh an lion priomhscannán pictiúrlainne 17% agus mhéadaigh an lion fiseán/DVDanna deimhnithe 16%. I gcás na scannán pictiúrlainne, is féidir an méadú sa lion deimnithe a lua cuij mhór leis an laghdú ar na tällí a gearradh, a tugadh isteach in Aibreán agus a raibh failte mhór roimhe, do scannán ar eisíunt theoranta (buiséad íseal, teanga íasachta, áras ealaíne, etc.) I gcás na bhfiseán/DVDanna, is féidir an méadú a lua le fás mór breise sa mhargadh DVD, cé go bhfuil tionchar an-mhór ag pioráideacht agus allmhairthe midhleathacha ar an margadh sin.

## ■ Réitigh TF agus Teicneolaiochta

I ndeireadh 2003, rinne Rannán TF na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriúthe Dlí athbhreithniúr acmhainní TF an IFCO. Léirigh sé sin nár sholáthair na cártaí chuntaisaochta bunaithe ar Progress agus DataEase a bhí in úsáid ag IFCO chun idirbheartaiochtaí le daileoirí scannán agus fiseán a bhainistí, a bhí os ciorn deich mbláin d'aois, dóthain feidhmíulachta chun tacú le riachtanas gnó a bhí ag leathnú.

Chomh maith leis sin, comhaontáodh go mbeadh gá le bonneagar líonra uasghrádaithe chun tacú le hoibriú leanúnach feidhmchláir ghnó reatha agus amach anseo.

I rith 2004, d'fheidhmigh agus thástáil Rannán TF na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriúthe Dlí go Rathúil an chéad chéim de mhór-nuachóiriú ar bhonneagar; ar chórais agus ar feidhmchláir an IFCO.

Forbróidh Céim 2, a thabharfar chun críche i rith 2005, ar na céimeanna eatramhacha a bhaineadh amach i gCéim 1 agus is é an toradh a bheidh air go ndeanfar seachadach níos iomláine ar réitigh teicneolaiochta lena mbaineann bonneagar; feidhmchláir agus seirbhísí gréasáin dhinimiciúla.

## ■ Láithreán Gréasáin

Tar éis tréimhse tástála, lenar áriodh comhchomhairle le tuismitheoiri, leis an bpobal agus leis an tionscal, seoladh láithreán gréasáin an IFCO an 3 Meán Fómhair 2004.

Ba é an aidhm ná timpeallacht dhinimiciúil, chuiditheach don úsaideoir agus fis-spreagúil a chruthú ina bhféadfadh an IFCO a réimse freagrachta reachtúil a chomhlionadh. Ag an am céanna, bhí sé i gceist teachtaireacht shoiléir a thabhairt go raibh Oifig Scrúdóir na Scannán nua-chóiriúthe go mór.

*Ba iad priomhspriocanna an láithreáin:*

- An pobal a chur ar an eolas ar shli shoiléir agus achomair faoina ndéanaimid ag IFCO.
- Treoirlinte ginearálta a fhoilsíú ag míniú ár gcur chuige i leith scannán agus fiseán/DVDanna a aicmiú

- Faisnéis tomholtóra a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi scannán ar leithigh ionas go bhféadfadh siad a mbionn a leaná ag breathnú air a fhaire agus a cheadú.
- Ceanglaíse réimse freagrachta seirbhise poiblí an IFCO ó lá go lá a nascadh le tarraingt siamsaiochta thionscal na scannán.

Mar atá le feiceáil, tá ábhar an láithreáin dirithe go mór ar dhátaí eisiúnta scannán. Tugtar cothrom le data é go laethúil agus foilsitear eisiúnti nua pictiúrlainne gach Aoine. Tá innéacs inchuardaithe ann de na scannán ar fad atá ar eisiúint in Éirinn chomh maith leis na scannán atá aicmithe ó seoladh ar láithreáin. Tá sé beartaithé an bunachar sonraithe seo a leathnú chun scannán a címkiodh i mblianta roimhe sin a chur san áireamh, chomh maith le heisúint fiseán/DVDanna, in am tráthá. Maidir le struchtúr agus nascleanúint an láithreáin, is é an aidhm a bheith comhsheasmhach, imfhiosach agus tréadearcach, ag tabhairt rochtana éasca ar leithead agus ar dhoimhneas ábhar an láithreáin.

Maidir leis an dearadh fise, ba é an aidhm a bheith sonrach, spreagúil agus galánta, agus a bheith ábhartha don lucht féachana agus teachtaireacht a thabhairt faoi na tacáochtaí láithreáin – i.e. ba chóir go mbeadh sé tarraingteach ó thaobh grafaici de agus go mbeadh iomhánná scannán ann chomh maith le naisc chuguit léirmheasanna agus láithreáin gréasáin scannán.

D'fháiltigh an pobal, tuismitheoirí agus tionscal na siamsaiochta roimh an láithreáin. Bhí an t-aiseolas ó roinnt dár macasamhla idirnáisiúnta, m.sh. an Ríocht Aontaithe, an Astráil, an Fhrainc, dearfach.

## ■ Táillí Pictiúrlainne Athbhreithnithe

Cuireadh scála athbhreithnithe táillí chun scannán phictiúrlainne a dheimhníú i bhfeidhm le hOrdú Aireachta (Ionstraim Reachtúil Uimh. 114 de 2004), a raibh eifeachta leis ón 1 Aibreán 2004.

Mar a luadh i d'Tuarascáil Bhliantúil 2003 an IFCO, ni raibh aon mhéadú ar scála na dtáillí a gearradh chun scannán phictiúrlainne a dheimhníú ó 1987.

Cé gur méadaidh an táille a gearradh chun scannán phictiúrlainne priomhshleára a dheimhníu, laghdaiodh go suntasach na táilli a gearradh ar scannán 'áras Elaine' nó ar eisiúint theoranta – m.sh. le fotheidil, buiséad iseal, scannán dhúchasacha, leas mionlaigh, etc.

San am a caitheadh, chosnaiodh sé an méid céanna deimniú a dhéanamh ar scannán áras Elaine agus a chosnaiodh ar scannán priomhshleára. Anois, mar thoradh ar scála nua, tá an costas ar scannán áras Elaine an ceathair cuid de chostas scannán priomhshleára, agus dá bhri sin is inéanta do dháileoirí scannán den sórt sin a eisiúntanois.

De bhri gur iarr mé i mo Thuarsáil Bhliantúil do 2003 go dtabharfaí an tionscnamh seo isteach, tá áthas ar leith orm fáilte a chur roimhe anois. Tá fáilte fhial curtha ag an bpobal a bhíonn ag dul chuig scannán agus ag tionscal scannán na hÉireann roimhe freisin.

Idir an 1 Aibreán agus an 31 Nollaig 2004 deimhniodh seachtó tri scannán ar eisiúint theoranta, lena n-áirítear *The Cooler*, *Imagining Argentina*, *Omagh*, *Ae Fond Kiss*, *The Edukators*, *The Return*, *9 Songs*, *My Summer of Love*, *The Best of Youth*, *Before Sunset*, *Freeze Frame* agus *Japanese Story*.



*The Edukators*  
Stiúrthóir: Hans Weingartner



*My Summer of Love*  
Stiúrthóir: Paul Pavlikovsky

## ■ Táillí Físeán Athbhreithnithe

Cuireadh scála athbhreithnithe táillí chun fis-saothair a dheimhniú agus chun ceadúnais a eisiúint i bhfeidhm le hOrdú Aireachta (Ionstraim Reachtuit Uimh. 113 de 2004), a raibh éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2004.

Mar a luadh i dTuascáil Bhliantúil 2003 an IFCO, ní raibh aon mhéadú ar scála na dtáillí a gearradh ina leith sin ó tugadh isteach den chéad uair iad i 1994.

Bheadh scála táillí dá shraith chun fis-saothair a dheimhniú, cosúil i gcoincheap leis an scála a bhfull imlín thusa air chun scannán phictiúrlainne a dheimhniú, ina fhobair dhearbach breise. Rinne dáileoirí físeán Éireannacha agus íasachta uirill chug an IFCO i rith 2004 ina leith sin, ag iarráidh go ngearraí faille níos isle chun teidil físeán neamh-phriomhshrutha nach mbeadh eacnamaúil a eisiúint thairis sin a dheimhniú.

Creidim gur iarratas réasúnach é seo agus, tar éis tuilleadh comhráite le hionadaithe ón tionscal, cuireadh togra chug an Roinn Dli agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dli do bhreithniú an Aire.

12A

15A

16



*Million Dollar Baby*  
Stiúrthóir: Clint Eastwood

## ■ Athruithe ar Dheimhnithe Scannán Pictiúrlainne

Fógraíodh dhá athrú ar na haicmi dheimhniú scannán a bhí cheana ann an 9ú Nollaig, agus bhí éifeacht le bheith leo ón 1 Eanáir 2005.

- I. Athainmniodh na deimhnithe '12PG' agus '15PG' go dtí '12A' agus '15A', leis an 'A' ag seasamh do dhuine fásta [Adult].
2. Tugadh deimhniú nua '16' isteach, ag srianadh cead isteach chug pictiúrlann go dtí daoin sé bliana déag agus os a chionn.

I measc na chéad scannán a deimhniodh mar '16' bhí 'Kinsey', 'Team America: World Police' agus 'Million Dollar Baby'.

Rinneadh na hathruithe sin tar éis comhchomhairle le tuismitheoirí, oiliúinóiri, an pobal, dáileoirí scannán agus bainisteoirí pictiúrlainne. Chuir siad san áireamh freisin torthai shuirbhé náisiúnta ar thuismitheoirí a rinne Lansdowne Market Research don IFCO níos túisce sa bláthain.

## ■ Suirbhé ar Thuismitheoirí

D'fhoilsigh an IFCO an 3 Meán Fómhair torthai an chéad shuirbhé náisiúnta riagharsc iarrthóir thuismitheoirí maidir le ceistéanna a bhaineann le leanai a bheith ag breathnú ar scannán agus ar fhiseáin/DVDanna.

Ba é priomhaidhm an tsuirbhé, a rinne Lansdowne Market Research don IFCO, na priomhábhair spéise do thuismitheoirí i ndáil le hábhar agus aicmiú scannán agus físeán a shainainiú.

Rinne Lansdowne suirbhé ar 250 tuismitheoir leanai a bhí ag freastal ar 12 scoil iar-bhunoideachais, a roghnaiodh go randamach chun sampla ionadaioch a thabhairt chomh fada agus a bhain le comhdhéanamh ceantair, soch-eacnamaioch, inscne agus creidimh.

I measc priomhfhionnachtana shuirbhé Lansdowne bhí:



- Creideann 86% de na tuismitheoirí gur cheart go mbeadh an focal deiridh acusan faoinaí feidir lena leanai a bheith ag breathnú air nó gan a bheith ag breathnú air.
- Tá a fhios ag tromlach na dtuismitheoirí gur ann don IFCO agus tá a fhios acu cad a dhéanann sé.
- Deir 93% de na tuismitheoirí go léir go seiceálann siad an ráta aicmithe go rialta.
- Ar an iomlán, tá tuismitheoirí sásta leis na haicmí reatha (G, PG, 12PG, 15PG agus 18). Féachann siad orthu mar cheann de na priomhfhionnsi d'eoilas úsáideach faoi ábhar scannán agus mar thagairt thábhachtach nuair a bhíonn siad ag cinneadh cad ar chóir dá leanai a bheith ag breathnú air nó cad nár chóir dóibh a bheith ag breathnú air.
- Mar sin fein, tá mearbhalla ann mar, ann fein, seasann PG do 'threeiro tuismitheora' [parental guidance], ach nuair is 12PG nó 15PG é ciallaionn sé 'tionlacan tuismitheora nó caomhnóra' [parent or guardian accompanied].
- Deir beirt as gach triúr tuismitheoirí go gcomhaontaíonn siad go rialta le cinní aicmithe an IFCO.
- Deir duine as gach triúr go n-easaontaíonn siad amanna – agus deir an tromlach diobh sin go bhfuil an IFCO ródhian.
- Creideann direach os cionn 40% de na tuismitheoirí go raibh roinnt scannán atá rangaithe mar 12PG aicmithe 'ródhian', ach motháinn 25% nach raibh siad rangaithe 'dian a dhóthain'.
- Mothaíonn 45% de na tuismitheoirí go mbíonn scannán 15PG rangaite amanna, cé go motháíonn 38% go mbíonn an IFCO, ar uairibh, róbhog.
- Is é an imní is mó faoi ábhar i measc fhormhór na dtuismitheoirí ná druga/tóigáil drugaí agus foréigeann, agus ina dhiaidh sin tagairtí ciniocha agus ól meisciúil faoi aois. Is lú d'ábhar imní gníomhaiocht ghnéis/caint fao ghnéas, agus déanann formhór na dtuismitheoirí idirthealú go compordach idir ábhar gnéis agus noichte. Tá eascain agus caint láidir an-iseal i measc na dtsaoíochtaí imní.
- Suimiúil go leor, creideann tromlach na dtuismitheoirí gur comhthéacs iomlán agus teachtaireachtaí bunúsacha scannán ba chóir a bheith mar bhonn d'aicmiú – agus nach radharcanna aonair.
- Nuair is ógánaigh níos sine a bhí i gceist, mheas na tuismitheoirí gur mó de thionchar dochar a d'fhéadfadh a bheith ag an idirlion agus ag an teilifís ná ag scannán agus fiseáin/DVDanna.
- D'fháilteodh tuismitheoirí faoi thuileadh eolais faoina mbíonn i scannán. Dúirt beagnach a leath go dtabharfadh siad cuairt ar láithreán gréasáin an IFCO.

Bridget Jones: The Edge of Reason  
Stiúrthóir: Beeban Kidron

Man About Dog  
Stiúrthóir: Paddy Breathnach



## ■ Suirbhé ar Ógánaigh

Tuarisceoidh an dara céim den tionscadal taighde, a rinne Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an IADT, Dún Laoghaire, faoi mhaoiseacht an Dr Carol MacKeogh, ar dhearcaí ógánach ar aicmiú scannán i dtús 2005.

## ■ Scrúdóiri Cúnta

Ceapadh cuige Scrúdóiri Cúnta páirtaimseartha i mí na Samhna: Mark Brennan, Alison Foley, Dani McClafferty, Patricia Murphy agus P.J. Sheridan.

Cuireadh fáilte ar leith roimh na ceapacháin seo, lena n-áirítear saineolas/taití san iriseoireacht chlóite agus teilifise, staidéar dli agus dáileadh scannán, mar go bhfuil an méid oibre ag an IFCO méadaithe go suntasach le blianta beaga anuas.

## ■ Post Cigire



Shrek 2

Stiúrthóiri: Andrew Adamson, Kelly Asbury

Tionscnaiodh próiseas earcaiochta i mí na Samhna chun post Cigire atá folamh le roinnt blianta a lionadh. Rachaidh an Cigire nua i mbun an phoist i mí Eanáir 2005.

Mar ghnionmhaireacht laistigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirthí Dlí, bhi ar chumas an IFCO idirchaidreamh a dhéanamh go héifeachtach leis na Gardai agus meastar go spreagfaidh ceapachán an Chigire comhlionadh níos mó agus go leanfar tuilleadh ionchúiseamh as sáruthe ar an Acht as.

Chuir Grúpa Stiúrtha Píoraídeachta thionscal fiseán/DVD na hÉireann in iúl don IFCO go gcailltear 64% den ghnó fiseán/DVD dlísteachach in Éirinn de bharr píoraídeacht gach blain, ar ionann sin agus thart ar €115 milliún.

## ■ Grúpaí Fócais

Tionóladh roinnt taispeántas do ghrúpaí fócais i rith na bliana mar shíl chun forrán a chur ar thuismitheoirí, daoine óga, mic léinn dara leibhéal agus tríu leibhéal, oiliúnóirí, síceolaíthe etc, agus chun a dtuairimi a iniúchadh.

Tá tionscnamh bunaithe leis an IFI (Foras Scannán na hÉireann) chun ardán a chur ar fáil do mhic léinn dara leibhéal chun dul chun cainte leis an IFCO chun aicmiú agus saincheisteanna scrúdóireachta a phlé tar éis na dtaispeántas. Déanfar é sin a fhobairt tuilleadh i 2005 mar thionscnamh rialta agus a bheidh ar fáil ag fud na tire.

I measc na scannán a taispeánadh ag grúpaí fócais i 2004 bhi:

*A Very Long Engagement, Shattered Glass, The Best of Youth, The Barbarian Invasions, The Ketchup Effect, Open Water, Shrek 2, The Isle, Zatoichi, Harry Potter and the Prisoner of Azkaban agus Sideways*

## ■ Athchóiriú Reachtúil Beartaithe

Mar a luadh níos túisce, tá mise agus mo chuid comhghleacaithe ag IFCO ag trúth le bheith rannpháirteach san athbhreithniú atá beartaithe ar an reachtaiocht scrúdóireachta.

Sainmhiniodh ról Scrúdóir na Scannán, mar atá leagtha amach san Acht um Scrúdóireacht Scannán, do thráth nach bhféadfadh a bheith níos difriúla ná an timpléallacht shóisialta, chultúrtha agus meán atá i réim in Éirinn sa lá atá inniu ann. Go deimhin tá an téarma 'Scrúdóir' féin caite i dtraipisi mar theideal ag formhór na dtiortha eile.

I mo thuairimse, in ainneoin lucht a chánta, is i an phriomhchúis gur éirigh le hAcht 1923 seasamh in aghaidh amanna atá ag athrú mar gur shainmhinigh lucht a dhréachtaithe an fachtóir cinnitheach i ndeimhníu (nó scrúdóireacht) scannán mar an rud is doigh le Scrúdóir na Scannán. Chuir an ráiteas 'is doigh le Scrúdóir na Scannán' ar chumas Scrúdóir na Scannán ag an am a lánrogha a úsáid lena chinneadh cad a bheadh nó nach mbeadh, mar shampla, 'draosta' nó 'contrárdha don mhoráltacht phubhlí'.

Cé gur tugadh isteach níos déanai é, tá imeachtaí gafa chun tosaigh ar an Acht um Fhistaifeadtaí, 1989, ar a laghad ar bith an dul chun cinn sa teicneolaiocht agus margadh meán atá ag athrú to mear.

## | Fischnluichi



Tá fischnluichi diolmhaithe ó aicmiú faoin Acht um Fhistaifeadtaí 1989.

Mar sin féin, is comhalta is Éire de PEGI, an córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichi. Is comhalta de Bhord Comhairleach an PEGI é an Leas-Scrúdóir, Ger Connolly.

Is iad comhailte eile an PEGI ná an Ostair, an Bheilg, an Danmháig, an Phionnlainn, an Fhrainc, an Ghréig, Lucasburg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilbhéis agus an Ríocht Aontaithe.

Aicmíonn córas an PEGI fischnluichi i gceann de na hearnálacha aoise 3+, 7+, 12+, 16+ agus 18+.

Is tionscnamh rathúil agus fháiltiúil atá anseo go dtí seo agus soláthraíonn sé áis shuntasach do thuismitheoirí ó thaobh oiriúnacht abhair do dhaoine óga d'aoiseanna éagsúla.

Cé, mar a luadh thus, go bhfuil fischnluichi diolmhaithe ón aicmiú faoi Alt 1 den Acht um Fhistaifeadtaí, 1989, féadfar, go deimhin, iad a thoirimeasc ar fhoraí atá sonraithe in Alt 3 den Acht sin.

Mar thoradh air sin, bionn cluichí a bhíonn rangaithe 18+ á scrúdú anois ag an IFCO chun comhlionadh a chinntí.

## ■ Forbairtí Aicmithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta

Is comhalta é an IFCO de Chumann na nAicmitheoirí Eorpacha. Is comhalta de Ghrúpa Stiúrtha an Chumainn é Scrúdóir na Scannán in Éirinn, John Kelleher.

Ag an gComhdháil Eorpach i bPáras i mí na Nollag 2004, chomhaontaigh comhaltaí go mbunfáí WMReF (Riomhfhóram Domhanda na Rialaitheoirí Meán), ar fóram idirnáisiúnta leictreonach a bheadh ann chun cumarsáid laistigh de thimpeallacht shlán idir comhlactai rialaitheacha ar fud an domhain a éascú.

Tá an WMReF faoi chomhúinéireacht a bhalleagraiochtai agus tá an comholtas teoranta do rialaitheoirí meán a bhíonn ag obair i réimse na scannán, na bhfiseán agus na meán digiteach ar fud an domhain.

Is iad na priomhsheirbhísí a sholáthraíonn láithréan an WMReF ná fóram faoi rún, desac nuachta, cartlann taighde agus naisc chuig láithréan gréasáin oifigiúla rialaitheoirí meán agus láithréan leasmhara eile.


Bhí an IFCO ar cheann de na chéad rialaitheoirí a chuaigh leis an WMReF. Tá rialaitheoirí san Astráil, an Ostáir, an Bheilg, an Chipir, an Fhionlainn, an Fhraing, an Ghearmáin, an Ungáir, an Ioslann, Lichtenstéin, an Liotuáin, an Ísiltír, an Nua Shéalaínn, an loruá, an Pholainn, an Phortaingéil, Singapór, an Círóivéin, an Afraic Theas, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá anois i measc na geomhaltaí.

*The Lord of The Rings: The Return of the King*  
Stiúrthóir: Peter Jackson



# DEIMHNIÚ SCANNÁN PICTIÚRLAINNE

Deimhníodh lion iomlán de 610 scannán le taispeáint i bpictiúrlanna i 2004; Is chart ar 455 uair an chloig fad iomlán na scannán pictiúrlainne a deimhniodh.



Priomhscannán	249
Gearrscannán	23
Blaisini	338
Iomlán	610


Scannán phictiúrlainne a deimhníodh 2000-2004

	2000	2001	2002	2003	2004
Priomhscannán	189	196	185	213	249
Gearrscannán	2	15	20	15	23
Blaisini	307	251	319	301	338
Iomlán	498	462	524	529	610

The Bourne Supremacy  
Súirteoir: Paul Greengrass



Príomhscannáin a deimhniodh de réir aicme i 2004.



Príomhscannáin a deimhniodh de réir aicme 2000-2004

	2000	2001	2002	2003	2004
<b>G</b>	20	27	17	11	10
<b>PG</b>	21	20	19	23	31
<b>12PG</b>	29	29	36	40	61
<b>15PG</b>	72	75	73	91	90
<b>16</b>	-	-	-	-	7
<b>18</b>	47	45	40	48	50
<b>Iomlán</b>	189	196	185	213	249



The Last Samurai  
Sturthoir: Edward Zwick

I mí na Nollag, rinne an dáileoir achomharc ar chinneadh Scrúdóir na Scannán deimhniú Os cionn 18 a thabhaírt don phriomhscannán 'Closer', ar na forais go mbeadh an deimhniú '16', bhí ceaptha éifeacht a bheith leis ón 1 Eanáir 2005, níos oiriúnai. Sheas an Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán le cinneadh Scrúdóir na Scannán.

Eisiodh sé phriomhscannán pictiúrlainne ar an gcoinnioll go mbeadh rabhadh ag tagairt d'fhoréigean ar an póstaer go léir; ar an bhfógraiocht chlóite go léir agus ar na liostuithe pictiúrlainne go léir. Ba iad na scannán ná:



*The Passion of the Christ*  
Stiúrthóir: Mel Gibson

ISPG

***Alien Vs Predator***

Rabhadh: Tá Radharcanna Foréigneacha Ann

PG

***Spider-man 2***

Rabhadh: Foréigean Greannáin

ISPG

***Walking Tall***

Rabhadh: Radharcanna Foréigneacha

IZPG

***The Bourne Supremacy***

Rabhadh: Radharcanna Foréigneacha

ISPG

***Imagining Argentina***

Rabhadh: Tá Radharcanna Foréigneacha Ann

ISPG

***The Passion of the Christ***

Rabhadh: Tá radharcanna d'fhoréigean follaach sa scannán seo a dhéanadh goilleadh ar dhaoine.

**[www.ifco.ie](http://www.ifco.ie)**

Ní bheidh gá le rabhadh den sórt sin a thuilleadh, ach amháin in imthosca eisceachta, mar go soláthraíonn láithreán gréasáin an IFCO greille fainseise mionsonraithe agus bosca tuairimí do gach scannán a dheimhnítear. Chomh maith leis sin, tar éis comhráite leis na dáileoirí, bionn sealadh láithreán gréasáin an IFCO á thaistípeáint anois ar gach poiblacht agus fógraiocht.

*Spiderman 2*  
Stiúrthóir: Sam Raimi



**Tír bhunaidh na 249 príomhscannán a deimhníodh i 2004.**

**(a) Tír bhunaidh amháin**

An Astráil	1
An Bhraisail	1
Ceanada	3
An tSín (Hong Kong)	6
An Fhrainc	8
Eire	3
An Iodáil	1
An tSeapáin	6
An Mhongóil	1
An Rúis	1
An Chóiré Theas	6
An Spáinn	3
RA	22
Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM)	124
<b>Iomlán</b>	<b>186</b>



*Harry Potter and the Prisoner of Azkaban*

Stiúrthóir: Alfonso Cuarón

**(b) Níos mó ná tir bhunaidh amháin (i.e. comhlíriúchán)**

An Astráil, an RA	1
An Ostair, an Ghearmáin	1
An Bhraisail, an Airgintín	1
Ceanada, an Fhrainc	1
Ceanada, an RA, SAM	1
Ceanada, SAM, an Ungáir, an RA	1
An Danmhraig, an loru, an c'ualainn, an RA	1
An Danmhraig, an c'ualainn	1
An Fhrainc, an Bheilg	1
An Fhrainc, Meicsiceo, SAM	1
An Fhrainc, an Spáinn	1
An Fhrainc, an Eilbhéis, an Ghearmáin	1
An Fhrainc, an RA	2
An Ghearmáin, Ceanada	1
Eire, an Astráil	1
Eire, an RA	7
An Iodáil, an Spáinn, an RA	1
An tSeapáin, SAM	1
An RA, an Spáinn	1
An RA, an Bheilg, an Iodáil, an Spáinn	1
An RA, an Fhrainc, an Nua Shéalaínn	1
An RA, an Ghearmáin	1
An RA, an Ghearmáin, SAM	1
An RA, SAM	8
SAM, an Astráil	1
SAM, Ceanada	6
SAM, Poblacht na Seice	1
SAM, an Fhrainc, an Ísiltír, an RA	1
SAM, an Ghearmáin	1
SAM, an Ghearmáin, an RA, an Airgintín	10
SAM, Hong Kong	1
SAM, an Iodáil, Lucsamburg, an RA	1
SAM, an tSeapáin, an Ghearmáin	1
SAM, an RA, an Ghearmáin, an Ísiltír	1
SAM, an RA, an Iodáil	1
<b>Iomlán</b>	<b>63</b>

Tagraitear don ioncam a fuair an Oifig ó dheimhníu scannán pictiúrlainne i Roinn 6 den Tuarascáil seo.

Cuireadh struchtúr nua tálli físeán i bhfeidhm le hOrdú Aireachta an I Meitheamh 2004 (I.R. 113 de 2004) a dhéanann scrúiúthe do tháilli aicmithe físeán a bheith bunaithe ar fhad an fhís-saothair a chuirtear isteach, seachas, mar a bhí romhe sin, rátaí difriúla a bheith i bhfeidhm do ligean ar cios agus do dhíol. Tugadh isteach cothrom-tháille de €50 do gach breiseán/blaisín/fogra DVD. Dá réir sin, tá figiúiri deimhnithe 2004 roinnt idir an tréimhse roimh an 31 Bealtaine agus agus an tréimhse tar éis an I Meitheamh.

#### Fís-Saothair a Deimhníodh roimh an 31 Bealtaine 2004




*Troy*  
Stúrthóir: Wolfgang Peterson

Fís-Saothair a deimhniodh le heisíúint ar Margadh Ciosa	1,108
Fís-Saothair a deimhniodh le heisíúint ar Margadh Diola	2,813
Blaisín/Réamhbhreathnú/Fogra Físeán a deimhniodh	1,010
<b>Iomlán</b>	<b>4,931</b>


#### Fís-Saothair a Deimhníodh tar éis an I Meitheamh 2004

Físeán (Blaisíní etc. san áireamh)	2,602
<b>Lion iomlán i 2004</b>	<b>7,533</b>

#### Fís-Saothair a deimhníodh 2000-2004



## Fís-Saothair a deimhníodh de réir aicme i 2004



<b>G</b>	2523
<b>PG</b>	1686
<b>12</b>	1270
<b>15</b>	1480
<b>18</b>	574
<b>Iomlán</b>	<b>7533</b>

Rinneadh Ordú Toirmisc i ndáil le Fís-Saothar amháin, 'Anabolic Initiations #5' i 2004, a bhfuil mionsonraí ina leith foilsithe in Iris Oifigiúil. Rinne an dáileoir achomharc ar an Ordú Toirmisc chuig an mBord Achromháirc um Scrúdóireacht Scannán. Sheas an Bord Achromháirc le cinneadh Scrúdóir na Scannán.

I rith 2004, ar iarratas ó Bhrainse Custam agus Máil na gCoimisiúníri lóncaim agus ón nGarda Siochána, scrúdáigh IFCO 195 fis-saothar/ DVD a bhí ina sampla de shaothair a rinne na húdarás sin a urghabháil. D'eisigh an IFCO deimhnithe ag rá go bhfeadfaí iad a thoirmeasc faoi alt 7 den Acht um Fhistaifeadtaí, 1989. Is féidir na deimhnithe sin a úsáid mar fhianaise i gcásanna a thionscnaonn na húdarás thuslauite.

Forállan Al 7 (3) den Acht um Fhistaifeadtaí, 1989, d'ordú toirmisc a chúlgairm agus deimhniú soláthair a eisiúint. I 2004, eisiodh Ordúithe Cúlghairme i ndáil le dhá Fhis-Saothar: 'From Dusk Till Dawn' agus 'From Dusk Till Dawn 2: Texas Blood Money'.




*I Robot*  
Stiurthoir: Alex Proyas

### Fís-Saothair a deimhníodh de réir aicme 2000 - 2004

	2000	2001	2002	2003	2004
<b>G</b>	1478	1805	2363	1986	2523
<b>PG</b>	810	1137	1545	1474	1686
<b>12</b>	564	668	844	984	1270
<b>15</b>	1112	1123	1360	1487	1480
<b>18</b>	588	597	574	573	574
<b>Iomlán</b>	<b>4552</b>	<b>5330</b>	<b>6686</b>	<b>6504</b>	<b>7533</b>

## Ceadúnais a eisíodh i 2004



Mórdhiol	10
Miondiol	1,369
Miondiol Feithicile	23
Iomlán	1,402

## Ceadúnais a eisíodh i 2000-2004

	2000	2001	2002	2003	2004
Mórdhiol	7	8	7	9	10
Miondiol	1253	1177	1264	1351	1369
Miondiol Feithicile	36	26	25	22	23
Iomlán	1296	1211	1296	1382	1402

Shark Tale  
Stúrthóiri: Bibo Bergeron, Vicky Jenson



# DEIMHNIÚ D'IMEACHTAÍ CÚIRTE

Tarchuireann an Oifig gearán maidir le sáruithe ar fhorálacha an Acharta um Scrúdóireacht Scannán, 1923 agus an Acharta um Fhístaifeadtaí, 1989 chug an nGarda Síochána lena n-imscrúdú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh Oifig Scrúdóir na Scannán deimhnithe a eisíunt chun fainseás airithe a sholáthar is inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cíirte.

## Eisiodh deimhnithe i 2004 mar seo a leanas:

Deimhnithe a thaispeánn nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm maidir le saothair airithe – Alt 14 (3) (b)

58

Deimhnithe a thaispeánn nach raibh Ceadúnais Fiseán i bhfeidhm maidir le háitreabh airithe – Alt 23 (3) (b)

4

Deimhnithe a thaispeánn go raibh Ceadúnais Fiseán i bhfeidhm maidir le háitreabh airithe – Alt 23 (3) (c)

I

lomlán

63

*Storsky & Hutch*  
Stiúrthóir: Todd Phillips



## AIRGEADAS

Is mar seo a leanas na táilli a ghearr an Oifig do dheimhniú scannán pictiúrlainne agus fiseán/DVDanna agus d'eisiúint cheadúnas i 2004:

Táilli a gearradh do Dheimhniú Scannán	€246,801
Táilli a gearradh do Dheimhniú Fiseán	€1,503,704
Táilli a gearradh do Cheadúnais Mhórdhiola agus Mhiondiola	€303,783
Ioncam iomlán a fuarthas i 2004 thar ceann an Chuntasóra, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	€2,054,288

Cuireadh struchtúr nua táilli scannán i bhfeidhm le hOrdú Aireachta an I Aibreán 2004 (I.R. 114 de 2004). Forálann sé sin do ráta laghdaithe de €3 an nóiméad i gcás scannán atá le heisíúint ar shé phrionta nó níos lú. (Féach 'Táilli Pictiúrlainne Athbhreithnithe, leathanach 4). Méadaidh an táille roimhe sin de €8 an nóiméad go dtí €12 an nóiméad do gach scannán eile ach amháin scannán de chineál oideachasúil, nach ngearrtar muirear ar bith orthu. Tugadh isteach cothrom-tháille de €100 do bhlaísini freisin.

Cuireadh struchtúr nua táilli fiseán i bhfeidhm le hOrdú Aireachta an I Meitheamh 2004 (I.R. 113 de 2004). Forálann sé seo do thálli aicmithe fiseán a bheith bunaithe ar fhad an fhís-saothair a chuirtear isteach, seachas, mar a bhí roinme seo, rátaí difriúla a bheith i bhfeidhm do chios agus do dhíol. Tugadh isteach cothrom-tháille de €50 do gach breiseán/blaisín/fógra DVD freisin.

The Incredibles  
Stúrthóir: Brad Bird



**John Kelleher**

Ceapadh John Kelleher mar Scrúdóir Oifigiúil na Scannán an 7ú Aibreán 2003, tar éis próiseas comórtais a bhí fógartha go poiblí. Tháinig sé i gcomharbacht ar Shéamus Smith, arbh é Scrúdóir na Scannán é ó 1986.

Rugadh John i mBaile Átha Cliath, bhan sé céim BCL amach i UCD mar aon le Céim Mháistreachta sa Drámaíocht ó Ollscoil Kentucky. Gairmeadh chuit ag mBarra é i 1971. Nuair a bhí sé mar léiritheoir/stiúrthóir i RTE, léirigh sé go leor clár a bhan gradaim amach, lena n-áiritear 'Strumppet City' agus 'Even the Olives Were Bleeding'.

Ceapadh mar Rialaitheoir na gClár Teilifise é i 1980 agus bhuaignigh sé an clár 'Today Tonight' an bliain chéanna. D'fhág sé RTÉ i 1983 le bheith ina Stiúrthóir Bainistiochta ar *The Sunday Tribune*.

Le os cionn fiche bliaín, bhí sé ar dhuine de na léiritheoirí scannán agus teilifise neamhspleácha ba mhó le rá in Éirinn. Tá sé scannán pictiúrlaine léirithe aige, lena n-áiritear 'Eat the Peach', a chomhscríobh sé, chomh maith le sé shraith drámaíochta teilifise, an t-iliomad clár faisnéise agus ceithre shraith de bharrachlár gnóthai reatha TV3, 'Agenda'. Tá sé pósta agus tá mac agus inion aige.

**Ger Connolly**

Ceapadh Ger Connolly mar Leas-Scrúdóir i Lúnasa 2003.

Rugadh i mbaile Chill Dara é agus is ann atá sé ina chónai. Bhan sé Céim B. Comm. amach i UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasaiocht le Deloitte, Haskins & Sell, agus agus bhí sé ag obair sa chál sin sna tionscail fógraiochta agus déantúsaiochta.

Ceapadh mar scrúdóir cúnta páirtaimseartha scannán é i mí na Samhna 1993. D'fhón sé mar Leas-Scrúdóir na Scannán agus bhí sé ar dhuine de thriúr toscairí as Éirinn ar Chomhdháil na nAicmitheoirí Scannán Eorpacha i mBaile Átha Cliath i 2001. Déanann sé ionadacht ar Éirinn ar bhord an PEGI, an córas Pan Eorpach um aicmíú Cluichi, agus tá sé ar an mBord Comhairleach agus ar an mBord Gearán. Tá sé pósta agus tá beirt mhac agus inion amháin aige.



féach ar ár láithreán gréasáin  
**www.ifco.ie**



PAN. AS/0390

## DOCUMENT(S) TO BE LAID BEFORE HOUSE OF OIREACHTAS

DÁIL ÉIREANN

22 MAR 2005

ON-ORDER PAPER

Clerk of the Dáil

I enclose copies\* of the undermentioned document(s) to be laid before the House. The information sought below is as set out.

Head of Department or other body

9/3/05



1. Department or other body laying document	Department of Justice, Equality and Law Reform
2. Title of document .. . . . .	Annual Report of the Film Censor - 2004
3. If laid pursuant to statute, state Title and section of Act .. . . . .	Section 29 of the Video Recordings Act, 1989
4. Is there a statutory period in relation to the laying of the document?	No
If so, give particulars .. . . . .	No
5. Is a motion of approval necessary? .. . . .	

\*Three copies of the document in respect of each House, or six copies where it is to be laid before one House only.

**DOICIMÉAD/DOICIMÉID ATÁ LE LEAGAN FAOI BHRÁID THEACH DEN  
OIREACHTAS**

---

Cléireach    na Dála

Seo cōipeanna\* den doiciméad/de na doiciméid thiosluaithe atá le leagan faoi bhráid an Tí. Is mar atá leagtha amach atá t-eolas a iarrtar thíos.

[REDACTED]  
Ceann na Roinne nō an éhomhlacha eile

9/3/05

1. An Roinn nō an comhlacht eile atá ag leagan an doiciméid .. . . . .
2. Teideal an doiciméid .. . . . .
3. Más de bhun reachta atá an doiciméad á leagan luaiigh Teideal an Acharta agus an t-alt .. . . . .
4. An mbaineann tréimhse reachtúil lena leagan?
5. An gá tariscint á cheadú? .. . . .

An Roinn Dlí agus Cirt,
Comhionannas agus Athchóirithe Dlí
Tuarascáil Bhliantúil Scrúdóir na
Scannán - 2004
Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí,
1989
Ní bhaineann
Ní gá

\*Trí chóip den doiciméad i leith gach Tí, nó sé chóip más faoi bhráid Tí amháin atá sé le leagan.

PRN. A5 / 0390

DOCUMENT(S) TO BE LAID BEFORE HOUSE OF OIREACHTAS

Clerk of the Seanad

I enclose copies\* of the undermentioned document(s) to be laid before the House. The information sought below is as set out.

[REDACTED] Head of Department or other body

9/3/05



1. Department or other body laying document	Department of Justice, Equality and Law Reform
2. Title of document .. . . . .	Annual Report of the Film Censor - 2004
3. If laid pursuant to statute, state Title and section of Act .. . . . .	Section 29 of the Video Recordings Act, 1989
4. Is there a statutory period in relation to the laying of the document?	No
If so, give particulars .. . . . .	No
5. S. No. & date to go on UNISON	y? .. . . .

\*Three only.

of each House, or six copies where it is to be laid before one House

S. No. & date  
to go on  
UNISON

**DOICIMÉAD/DOICIMÉID ATÁ LE LEAGAN FAOI BHRÁID THEACH DEN  
OIREACHTAS**

---

Cléireach an tSeanaid

Seo cípeanna\* den doiciméad/de na doiciméid thiosluaithe atá le leagan faoi bhráid an Tí. Is mar atá leagtha amach atá t-colas a iarrtar thíos.

[REDACTED] Ceann na Roinne nó an chomhlacht eile

9/3/05

1. An Roinn nó an comhlacht eile atá ag leagan an doiciméid .. . . . .	An Roinn Dli agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí
2. Teideal an doiciméid .. . . . .	Tuarascáil Bhliantúil Scrúdóir na Scannán - 2004
3. Más de bhun reachta atá an doiciméad á leagan luaih Teideal an Acharta agus an t-alt .. . . . .	Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989
4. An mbaineann tréimhse reachtúil lena leagan?  Má bhaineann, tabhair sonrai. . . . .	Ní bhaineann
5. An gá tariscint á cheadú? . . . . .	Ní gá

\*Trí chóip den doiciméad i leith gach Tí, nó sé chóip más faoi bhráid Tí amháin atá sé le leagan.